Literacy Association of Ireland
*Cumann Litearthachta na hÉireann*

**47ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL – 10 & 11 Samhain 2023**
*Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath*

# Teangacha agus Litearthachtaí a Cheiliúradh
## *Cleachtais agus Féidearthachtaí a Iniúchadh*

# GAIRM AR PHÁIPÉIR

A bhuí le forbairtí le déanaí i ngort na litearthachta anseo in Éirinn agus níos faide i gcéin, tá feasacht níos mó á cothú ar an ngá le héagsúlacht teangacha a cheiliúradh, le tacaíocht a thabhairt do réimse leathan litearthachtaí, chomh maith le tacú le riachtanais litearthachta foghlaimeoirí aonair. Cothaíonn na forbairtí seo idir fhéidearthachtaí agus dúshláin do gach té a bhíonn ag plé leis an oideachas teanga agus litearthachta.

Léirítear go mion minic sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta an géarghá atá ann le dearcthaí agus cleachtais reatha a iniúchadh chun na cleachtais is éifeachtaí a aimsiú, mar aon le scagadh a dhéanamh ar na cúinsí ina n-oibríonn siad, agus na daoine a n-oibríonn siad dóibh. Conas is féidir linn a dheimhniú go léirítear meas ar stór teangacha agus ar chleachtais teanga gach páiste? Conas is féidir linn dul i ngleic le taighde ar mhaithe le cleachtais litearthachta ar bhonn fianaise a fhorbairt? Conas is féidir linn a dheimhniú go mbeidh an taighde mar bhonn taca ag polasaithe agus dioscúrsa reatha?

Tá sé tráthúil breathnú romhainn agus féidearthachtaí a iniúchadh maidir le teangacha agus litearthachtaí amach anseo. Fáiltíonn Cumann Litearthachta na hÉireann roimh pháipéir nó roimh cheardlanna don 47ú comhdháil idirnáisiúnta bunaithe ar théamaí lena n-áirítear:

- Cleachtais litearthachta cruthaitheacha agus comhtháite
- Cuir chuige litearthachta spraíúla
- Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus don oideachas litearthachta
- Ceartas sóisialta agus oideachas litearthachta
- Taighde idirdhisciplíneach agus dea-chleachtais litearthachta
- Ag tacú le stór teanga uile an pháiste
- An trasteangú agus cleachtais litearthachta
- Litearthacht dhigiteach
- Ceannaireacht litearthachta agus pleanáil uile-scoile
- An nasc idir an taighde agus an cleachtas a ghiorrú
- Litearthacht i dteanga bhreise

***Spriocdhátá le haghaidh tograí***: 7 Iúil 2023

***Leagan amach na seisiún:*** Páipéar / Ceardlann / Póstaer Siompóisiam [Sonraí anseo]

***Conas togra a chur isteach***: Achoimre 150-300 focal le seoladh isteach ar líne ag an nasc seo a leanas: https://forms.gle/CSXnPe5vgfJtGBF26

**www.literacyireland.com/conference**

Fiosruithe Comhdhála | **conference@literacyireland.com**
Fiosruithe Ginearálta | **info@literacyireland.com**

www.literacyireland.com @LiteracyIRL @literacyireland